



# dúchas.ie

## Faisnéiseoirí an Choimisiúin



An Roinn Turasóireachta, Cultúir,  
Ealaón, Gaeltachta, Spóirt agus Meán  
Department of Tourism, Culture,  
Arts, Gaeltacht, Sport and Media



National  
Folklore  
Collection

## Faisnéiseoirí an Choimisiúin

Bhí sé mar aidhm ag Coimisiún Béaloideas Éireann grianghraif a ghlacadh dá bhfaisnéiseoirí le go bhféadfaí aghaidh a chur leis an ábhar scríofa agus taifeadta a bailíodh uathu. Tá thart ar 4,000 grianghraf d'fhaisnéiseoirí ó gach cearn den tír agus thar lear anois i gcartlann Chnuasach Bhéaloideas Éireann, cuid mhaith acu ina ndiúltáin, agus cuid eile ina bpriontaí. Tá cuid de na priontaí seo le feiceáil anois sa taispeántas seo. Baill foirne agus cairde an Choimisiúin a ghlac formhór na ngrianghraf nó tugadh don Choimisiún iad thar na blianta agus léiríonn na grianghraif seo daoine idir óg agus aosta a thug a gcuid ama go flaithiúil do bhaillitheoirí an Choimisiúin. Tá cúpla duine mór le rá le feiceáil sa bhailiúchán seo, m.sh., grianghraf nua de Sheán Ó Briain ó Loch Conaortha, Rí-Scéalaí larChonnacht agus Reidar Christiansen, an scoláire loruach a raibh an-tionchar aige ar Shéamus Ó Duilearga.

Thosaigh cuid mhaith de na bhaillitheoirí lánamearthá ag bailiú ábhair ina gceantracha dúchais féin, áit a raibh aithne acu ar an bpobal, ar an gcanúint agus ar an gceantar. Ní mar sin a bhí gach aon bhaillitheoir, áfach, agus bhí ar chuid mhaith acu dul ag bailiú ábhair i gceantracha nua ag pointe éigin le linn dóibh a bheith ag bailiú. Mar sin de, ba ghá aithne a chur ar fhaisnéiseoirí sna háiteanna nua seo. Labhraídís leis an sagart paróiste nó an máistir scoile áitiúil leis na scéalaithe nó amhránaithe ab fhearr sa cheantar a lorg. Uaireanta eile agus bhaillitheoir nua ag tosú, théadh Seán Ó Súilleabháin (Cartlannaí an Choimisiúin) nó Séamus Ó Duilearga (Stiúrthóir an Choimisiúin) thart ar an gceantar leo, ag cabhrú leo bualach le faisnéiseoirí agus taithí a fháil ar an gceird. Go minic bhíodh orthu dul sa tseans, bualach amach chuig teach duine éigin, ag súil go gcuirfí fáilte rompu. Is minic go gcuirtí, mar a mhíníonn an bhaillitheoir lánamearthá Jim Delaney in 1982:

*'As soon as he begins work in the field, the collector of Irish folklore realises how few are these active tradition bearers, but he also become aware at the same time that the sympathy and good will of the community towards them is also extended most generously to him and his work of perpetuating their traditions and stories. It is this active and generous sympathy for the collector that makes his work, not a task, but a joy and a delight.'*

I measc na ngrianghraif, tá sraith bheag pictiúr de Shíle Bean Uí Shíothcháin, ó Ghleann Cotáin, Co. Chiarraí, a bhí céad bliain d'aois ag an am. Déanann Tadhg Ó Murchú cur síos uirthi, ar a teach agus ar an bhfáilte a fuair sé ann:



'Níl ribe liath 'na ceann fós. Bhí sí  
éadaithe ar a' sean-nós — gúna fada  
plainín agus seaicéad agus  
hainciarsúr straighpeach ar a ceann  
... Bhí braon biotáille im' phóca 'gam  
agus do thugas di é. D'imigh sí chun  
an driosúr' agus do thug sí léi gloine  
beag agus do líon amach taoscán as  
a' mbuidéilín. Cheapas gur chuichi  
féin a bh sí 'á líonadh ach más ea bhí  
dearmad orm - níorbh' ea in ao' chor  
ach chugam fhéin. Chaithfinnse an  
chéad scíobas 'ól, a deir sí - gurbh  
shin é dlí bhéasa — 'urraim don  
fhireannach'. Bhíos 'á heiteach ar mo  
dhícheall ach níorbh aon chabhair  
dom é - chaithfinn é 'ól nó ní  
bhlaisceadh sí féin diúir de. Sea!'

CBÉ 854: 183-186

Fig. 1. Síle Bean Uí Shíothcháin agus Tadhg Ó Murchú, 1941

Faisnéiseoir eile ab ea Micil Paor, ón Seanphobal, Co. Phort Láirge, ar ghlac an bailitheoir lánimseartha Nioclás Breathnach mórán ábhar uaidh, idir scéalta, seanchas agus amhráin. Seo mar a dhéanann Breathnach cur síos ar an seancháí ina dhialann in 1936:

'Lá saoire an lá inniu agus tar éis aifrinn do chuir mé mo chuid giúirléidí i gcóir ceart agus i dtiúin agus d'imigh mé liom amach go dtí'n Seanphobal agus ó dheas go dtí tigh m'uncail Micil Paor, Curraichín. Tá ana-chuid i gceann Mhicil nár shíl mé a bheith ann a chuigint agus

chuir sé iontas mór orm nuair a líon sé ocht mbosca dom go dtí so. Ní mar mhagadh a leithéid a dhéanamh.' CBÉ 205: 369



Fig. 2. Micil Paor ag baint úsáid as an eideafón, Co. Phort Láirge

Is cinnte gur a bhúí le dea-thoil a bhfaisnéiseoirí gur éirigh leis an gCoimisiún an oiread ábhar a bhailiú thar tréimhse 35 bliain. Mar a scríobh Tadhg Ó Murchú faoi fhéile na nGael in *Béaloideas* i 1948: 'Is dócha, 'á bhféadfaí a bhfuil de thae ólta agam i dtithibh na sean-daoine ó thosnuigheas ar an obair seo, 'á bhféadfaí í bhailiú n-aon chlais amháin agus loch a dhéanamh di, go snámhfadh long chogaidh uirthi gan aon spleádhchás!' Ag scríobh faoin mbailiúchán grianghraif sa leabhar *Seoda as Cnuasach Bhéaloideas Éireann* in 2010, deir Anne Burke:

'In some way this becomes, in turn, a measure of the Commission's success: its ability to elevate ordinary people as the principal characters in the narration of Irish culture. The extent to which this depended on a level of trust being established and of relationships being formed that extended beyond the professional to the personal is similarly testified to ... Welcomed into informants' homes, working and relaxing together, there is something

optimistic about this as a shared project, a redemptive investment in Irish culture which was very specifically of its time and which was concerned ultimately with the reinvigoration of Irish identity. In this context, the visualisation of the relationship between collector and informant plays a crucial role.'

Tá níos mó ná 250 grianghraf nuaanois ar fáil ar dúchas.ie agus pictiúir d'fhaisnéiseoirí ar fud na tíre is mó atá iontu. Gan foighne, flaithiúlacht agus dea-thoil na bhfaisnéiseoirí seo, is cinnte nach n-éireodh chomh maith céanna leis an gCoimisiún báaloideas na hÉireann a bhailiú agus a chaomhnú do na glúinte a lean.



Máire Bean Uí Áilíosa, Co. Chiarraí, 1941. [M001.18.00807](#)



Tadhg Ó Murchadha ina shuí cois teallaigh, Co. Chiarraí, 1941. [M001.18.00821](#)




Gobnait Uí Shúilleabhairn ‘Gobnait na mBróg’, Co. Chiarraí. [M001.18.00811](#)



Mr Walker, an fíodóir, Co. Chiarraí. [M001.18.00814](#).



Síle Bean Uí Shíothcháin, 100 bliain d'aois, Co. Chiarraí. [M001.18.00831](#)



Mícheál Ó Murchadha ag baint úsáid as an eideafón, Co. Phort Lairge. [M001.22.00115](#)



Máire Ní Ghuithín agus triúr eile ar an mBlacsaod Mór, 1935. [M001.18.00779](#)



James Maher, Co. Loch Garman. [M002.13.00003](#)




Seán Ó Briain, Rí-Scéalaí IarChonnacht, Loch Conaortha, Co. na Gaillimhe. [M003.01.00533](#)



Seán Ó Flatharta, iascaire ó Chladach, Co. na Gaillimhe á thaifead i 1940. [M003.01.00552](#)



Mrs. Mary Helen Devlin (Mary Helen Viddy) agus an bailitheoir Michael J.Murphy,  
Co. Thír Eoghain, 1950. [M004.32.00156](#)




Seán Ó Laoidhe, An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe. [M003.01.00565](#)



An bailitheoir Ciarán Bairéad agus Seán Mhicí Ó Curraoin, Gaillimh, 1960. [M003.01.00574](#)




Ciarán Bairéad ag bailiú ó Sheán Mhicí Ó Curraoin. [M003.01.00576](#)




Brighid Ní Ghadhra, Co. Phort Láirge. [M001.22.00108](#)



Reidar Th. Christiansen, Baile Átha Cliath, 1960. [M013.06.00041](#)




An bailitheoir Seán Ó Dubhda, Co. Chiarraí, 1953. [M011.18.00037](#)



John Keen ó Oileán Mhanann, 1948. [M007.34.00008](#)



Seán Ó Buidhe le bean agus páiste anaithnid, Co. Dhún na nGall. [M004.29.00632](#)



William O'Doherty agus speal ina lámh, Co. Dhún na nGall. [M004.29.00623](#)



Beirt chailíní ó Bogagh, Co, Dhún na nGall. 1935. [M004.29.00614](#)



Seán Sigerson ag caitheamh a phíopa agus ag gearradh tabac, An Rinnín Dubh, Cill Críocháin, Co. Chiarraí. [M001.18.00760](#).